Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7477/1/26**
**REV 1**

**FIN 438**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste um an mBuiséad |
| Ábhar: | Meastachán ar chaiteachas agus ar ioncam le haghaidh na bliana airgeadais 2027 don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle (Roinn II de Bhuiséad an Aontais) - Meabhrán míniúcháin |

## I. RÉAMHRÁ

1. Déanfar an nós imeachta buiséadach don bhliain airgeadais 2027 i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[1].

[1] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

Leagtar béim sna conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2027, a d'fhormheas Comhairle Ecofin ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Feabhra 2026[2], ar an ngá go ndéanfadh gach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht de chuid an Aontais gach gné de chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 a urramú agus a chomhlíonadh agus an buiséad do 2027 á bhunú agus á chur chun feidhme, chun an smacht buiséadach a choinneáil agus gan ach míreanna caiteachais a mheastar a bheith riachtanach a bhuiséadú. Athdhearbhaítear go bhfuil an uasteorainn do cheannteideal 7 CAI 2021-2027 bunaithe ar an mbonn go nglacann institiúidí uile an Aontais cur chuige cuimsitheach agus docht chun a áirithiú go mbainfear an tairbhe is fearr as na hacmhainní daonna i ndáil le prionsabal na foirne cobhsaí, agus chun gnóthachain éifeachtúlachta agus coigilteas costais comhfhreagrach a bhaint amach i gcaiteachas riaracháin nach mbaineann le tuarastal.

2. Rinneadh an creat ginearálta idirinstitiúideach chun na tograí don dréachtbhuiséid (DB) 2027 a mhionsaothrú a leagan síos sna litreacha ón gCoimisiún dar dáta an 12/12/2025 agus an 18/12/2025, i gcás inar iarradh ar na hinstitiúidí uile a meastacháin a ullmhú bunaithe ar na treoirlínte seo a leanas:

– na meastacháin seo a leanas a áireamh chun luach saothair na foirne a thabhairt cothrom le dáta: +2,2 % ó 1/7/2026; +2,3 % ó 1/7/2027,

– díriú ar bheartas foirne cobhsaí,

– díriú ar an méadú ar an gcaiteachas uile nach mbaineann le tuarastal a theorannú go dtí uasmhéid 2 % i gcomparáid le leibhéal 2026.

Dar leis an gCoimisiún, is é 2,0 % i gcás na Bruiséile agus 1,9 % i gcás Lucsamburg an t-athrú measta ar an gcostas maireachtála a úsáidfear do dhréachtbhuiséad 2027.

3. I bhfianaise na dtreoirlínte thuas, tá togra mionsaothraithe ag Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) do mheastacháin DB 2027 don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle (Roinn II de bhuiséad an Aontais).

Áirítear sna meastacháin na forálacha seo a leanas a bhaineann le hathchóiriú áras Justus Lipsius:

(a) Déantar foráil maidir le leanúint de na hoibreacha ullmhúcháin don athchóiriú, i.e. na seomraí cruinnithe breise a chruthú i bhfoirgneamh LEX agus saoráid ateangaireachta nua a thógáil (dá dtagraítear sa doiciméadacht ábhartha mar 'bhearta tionlacain'), laistigh de ghnáthbhuiséad na hArdrúnaíochta[3] agus tá sé laistigh den mhéadú uasta 2 % a leagtar amach sa treoir thuasluaite.

[2] 5755/26.
[3] Roinn IV in 15565/25, mír 20 de 12456/24 agus mír 17 de 15565/25.

(b) EUR 1,5 milliún a sholáthar le haghaidh staidéar breise, ar leithligh, ar éifeachtúlacht costais sheachtraigh arna dhéanamh ag sainchomhairleoirí neamhspleácha ina ndéanfar measúnú ar roinnt cásanna, go háirithe oibreacha athchóirithe a bhfuil gá leo chun a áirithiú go mbeidh oibleagáidí dlíthiúla á gcomhlíonadh go docht agus go ndéanfar athchóiriú domhain[4]. Leis an méid sin, glactar na dréachtmheastacháin lasmuigh de threoraíocht an Choimisiúin.

D'ainneoin chobhsú an bhoilscithe, tá tionchar fós ag caillteanas carnach na cumhachta ceannaigh sa chuid sin den bhuiséad nach mbaineann le tuarastal ar gach réimse de ghníomhaíochtaí na hArdrúnaíochta. Rinneadh iarrachtaí coigilteas a aimsiú agus, ag an am céanna, cáilíocht agus leanúnachas na n-oibríochtaí a chaomhnú. Maoiníonn buiséad na hArdrúnaíochta, thar aon ní eile, gníomhaíochtaí athfhillteacha nach féidir a athchlárú ná a laghdú ós rud é gur gá a áirithiú gur féidir leanúint den ghnáthghnó. Dá bhrí sin, is i ndáil le nuachóiriú an bhonneagair, an trealaimh agus na hinfheistíochta atá ann cheana is mó atá creimeadh an chistithe le brath. Tá forghníomhú an bhuiséid ard agus tá corrlaigh theoranta ann chun costais gan choinne nó gníomhaíochtaí gan choinne arna spreagadh ag forbairtí seachtracha a chumhdach.

Ó thaobh soláthar foirne de, sna nósanna imeachta buiséadacha bliantúla do 2025 agus 2026, rinne an Ardrúnaíocht iarrataí ar shé phost agus ar chúig phost AD bhreise, faoi seach, chun speisialtóirí slándála TF a bhfuil taithí acu a earcú tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an gCibearshlándáil[5]. Ba é toradh na nósanna imeachta sin d'Ardrúnaíocht na Comhairle glanmhéadú aon phoist amháin ar an bplean bunaíochta, murab ionann agus institiúidí eile ar nós Pharlaimint na hEorpa agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a ndearnadh treisiú mór orthu i dtaca le poist bhreise chibearshlándála de le blianta beaga anuas. Ós rud é nach gcomhlíontar fós na riachtanais shuntasacha phráinneacha sa réimse sin, tá a hiarraidh theoranta fós á coinneáil ag an Ardrúnaíocht ar chúig phost AD bhreise do shaineolaithe cáilithe cibearshlándála, a earcófar le linn 2027.

Molann an Ardrúnaíocht meastacháin de EUR 755,0 milliún do dhréachtbhuiséad 2027. Is ionann an méid sin agus méadú iomlán de EUR 15,4 milliún nó 2,1 % i gcomparáid leis an mbuiséad a vótáladh le haghaidh 2026.

Is ionann an caiteachas a bhaineann le tuarastal agus EUR 484,0 milliún - méadú EUR 8,5 milliún nó 1,8 % i gcomparáid le 2026.

[4] An 13 Márta 2026, chuir Coreper treoir ar fáil maidir le tuilleadh oibre, agus thíolaic 11 Bhallstát ráiteas a bhí i gceangal leis na miontuairiscí.

[5] Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (IO L, 2023/2841, 18.12.2023).

Is ionann an caiteachas nach mbaineann le tuarastal agus EUR 270,9 milliún - méadú EUR 6,9 milliún nó 2,6 % i gcomparáid le 2026. Tá trí chomhpháirt sa mhéadú sin:

- EUR 5,3 milliún nó 2,0 % i gcomparáid le 2026, i ndlúthchomhlíonadh na treoraíochta ón gCoimisiún faoi phointe I.2 thuas,

- EUR 0,12 milliún don chéad íocaíocht bhlianachta le haghaidh na n-oibreacha nuachóirithe i bhfoirgneamh ECCL i Lucsamburg[6] agus

- EUR 1,5 milliún nó 0,6 % don staidéar breise seachtrach, ar leithligh, ar éifeachtúlacht costais a rinne sainchomhairleoirí neamhspleácha ar thionscadal athchóirithe Justus Lipsius (féach pointe I.3b thuas).

I dTábla 1, leagtar amach an moladh do bhuiséad 2027 de réir catagóire. Leagtar amach i Roinn II thíos barúlacha níos mionsonraithe ar fhorbairt gach catagóire.

**Tábla 1: Togra le haghaidh dréachtbhuiséad CE/C do 2027 (de réir catagóire, EUR)**

| Caibidil / airteagal / mír | Catagóir caiteachais | Buiséad 2026 | Dréachtbhuiséad 2027 | Difríocht | Athrú 2027/2026 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3=2-1 | 4=3/1 |
| 10 | Comhalta den Institiúid (Uachtarán) | 2.525.000 | 2.667.000 | 142.000 | 5,6% |
| 11 | An fhoireann reachtúil (Plean bunaíochta) | 460.822.187 | 468.359.321 | 7.537.134 | 1,6% |
| 12 | Foireann eile agus seirbhísí seachtracha | 17.228.500 | 17.969.500 | 741.000 | 4,3% |
| 13 | Caiteachas eile a bhaineann leis an bhfoireann | 12.842.000 | 13.724.000 | 882.000 | 6,9% |
| **TEIDEAL 1** | **Daoine atá ag obair leis an Institiúid** | **493.417.687** | **502.719.821** | **9.302.134** | **1,9%** |
| 200, 201 | Foirgnimh | 63.230.500 | 67.362.500 | 4.132.000 | 6,5% |
| 210 | Córais ríomhaireachta | 55.781.000 | 59.575.000 | 3.794.000 | 6,8% |
| 211 | Troscán | 1.055.500 | 1.055.500 | 0 | 0,0% |
| 212 | Trealamh teicniúil | 3.476.500 | 1.243.250 | -2.233.250 | -64,2% |
| 213 | Iompar | 2.068.500 | 2.260.750 | 192.250 | 9,3% |
| 2200 | Speansais taistil na dtoscaireachtaí | 15.505.000 | 15.505.000 | 0 | 0,0% |
| 2202 | Costais ateangaireachta | 85.060.000 | 85.060.000 | 0 | 0,0% |
| 2201, 2203, 2204, 2205 | Cruinnithe agus comhdhálacha | 8.784.000 | 8.622.000 | -162.000 | -1,8% |
| 2210, 2212, 2213 | Faisnéis | 9.814.000 | 10.174.000 | 360.000 | 3,7% |
| 223 | Speansais ilghnéitheacha | 1.386.000 | 1.406.000 | 20.000 | 1,4% |
| **TEIDEAL 2** | **Foirgnimh, trealamh agus caiteachas oibriúcháin** | **246.161.000** | **252.264.000** | **6.103.000** | **2,5%** |
| **TEIDEAL 10** | **Cúlchiste** | **i.n** | **i.n** | **N/B** | **N/B** |
| **BUISÉAD IOMLÁN** | | **739.578.687** | **754.983.821** | **15.405.134** | **2,1%** |
| | **Caiteachas a bhaineann le tuarastail** | **475.544.187** | **484.049.321** | **8.505.134** | **1,8%** |
| | **Caiteachas nach mbaineann le tuarastail** | **264.034.500** | **270.934.500** | **6.900.000** | **2,6%** |
| **BUISÉAD IOMLÁN** | | **739.578.687** | **754.983.821** | **15.405.134** | **2,1%** |

[6] Leagtar amach mionsonraí faoi na hoibreacha nuachóirithe in 6108/26. De réir na faisnéise is déanaí a fuarthas ó údaráis Lucsamburg, is é EUR 0,12 milliún an chéad íocaíocht dá bhforáiltear in 2027.

## II. BARÚLACHA DE RÉIR CATAGÓIRE CAITEACHAIS

1. Comhalta den Institiúid, Uachtarán (Caibidil 10)

Beartaítear go gcumhdófar sa chaibidil seo speansais Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus go n-áiritheofar go gcomhlíonfar a chuid dualgas nó a cuid dualgas i gcomhréir leis na Conarthaí.

Is iad na leithreasuithe breise is gá le haghaidh ‘caiteachas bainistíochta eile’ is mó is cúis leis an méadú 6 % (EUR 0,14 milliún) sa chaibidil seo. Bunaithe ar anailís chuimsitheach ar an olltoradh in 2025, is é is aidhm don mhéadú freastal ar riachtanais Uachtarán na Comhairle Eorpaí in 2027, agus an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, na costais a bhaineann le cruinnithe mullaigh iltaobhacha agus cruinnithe ardleibhéil, chomh maith le boilsciú sa mhargadh taistil, á gcur san áireamh.

2. Oifigigh agus foireann shealadach (Caibidil 11)

Cinntear an méadú 2% (EUR 7,5 milliún) sa chaibidil seo go príomha leis na tosca seo a leanas:

(a) Coigeartú tuarastail

Léiríonn an méadú ar líne bhuiséid na mbuntuarastal (EUR 7,9 milliún) an treoir ón gCoimisiún a leagtar amach faoi Roinn I.2 thuas. Beidh na rátaí deiridh do choigeartuithe 2026 agus 2027 ar an luach saothair ar fáil i mí na Nollag 2026 agus i mí na Nollag 2027 faoi seach.

(b) Plean bunaíochta

Tá an iarraidh ar chúig phost bhreise AD 8 bunaithe ar an ngá atá le hoibleagáidí na hArdrúnaíochta faoi Rialachán an Aontais maidir leis an gCibearshlándáil a chomhlíonadh.

Measann an Ardrúnaíocht go dtiocfaidh feabhas breise ar an ráta fostaíochta 2027 agus go mbeidh sé cothrom le 98,7 % ar an meán. Léiríonn sé sin laghdú 0,5 pointe céatadáin ar an laghdú ar an ráta comhréidh i gcomparáid le 2026 de bharr nósanna imeachta earcaíochta níos éifeachtúla a bheith ann. Fágann sé sin go bhfuil an Chomhairle i gcomhréir leis an laghdú ar ráta comhréidh atá á chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún faoi láthair.

Ag leanúint le hiarrachtaí a rinneadh sna blianta roimhe seo próifílí foirne a chur in oiriúint do riachtanais fostaíochta atá ag athrú, tá sé beartaithe 10 phost AST a aistriú go 10 phost AD.

3. Foireann eile agus seirbhísí seachtracha (Caibidil 12)

Baineann an t-athrú iomlán 4 % (EUR 0,74 milliún) i leithreasuithe faoin gcaibidil seo go príomha leis na coigeartuithe a mheastar a dhéanfar ar thuarastail foirne eile in 2027. Cé nach bhfuil aon athrú ar líon na gCoibhéisí Lánaimseartha (FTEnna) i gcatagóirí eile na foirne seachtraí (gníomhairí ar conradh agus foireann eatramhach) in 2027, tá sé beartaithe na leithreasuithe agus an líon measta FTEnna do Shaineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNEnna) a mhéadú chun freastal ar riachtanais speisialtóirí in earnálacha áirithe in Ardrúnaíocht na Comhairle.

Tagann méadú beagán faoi 12 % (EUR 0,12 milliún) ar na leithreasuithe le haghaidh tréimhsí oiliúna chun a áirithiú go mbeidh an deis ag daoine óga ardcháilithe ón oiread Ballstát agus is féidir am a chaitheamh ag obair in Ardrúnaíocht na Comhairle.

4. Caiteachas eile a bhaineann le daoine atá ag obair leis an institiúid (Caibidil 13)

Is é is cúis go príomha leis an athrú iomlán de 7 % (EUR 0,88 milliún) ar leithreasuithe faoin gcaibidil seo an méadú ar 'chostais mhisin Ardrúnaíocht na Comhairle' agus 'costais taistil na foirne a bhaineann leis an gComhairle Eorpach'. Baineann na riachtanais bhreise go príomha leis an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, le cruinnithe mullaigh iltaobhacha agus cruinnithe ardleibhéil, le boilsciú sa mhargadh taistil agus eascraíonn siad as freastal ar chostais níos airde le haghaidh liúntais mhisin[7].

5. Foirgnimh agus costais ghaolmhara (Caibidil 20)

(a) Foirgnimh (Airteagal 200)

Tá méadú 12 % (EUR 1,65 milliún) tagtha ar an mbuiséad d'fheidhmiú na bhfoirgneamh. Is é is cúis leis sin EUR 1,5 milliún a bheith á chur ar fáil don staidéar breise, ar leithligh, ar éifeachtúlacht costais sheachtraigh arna dhéanamh ag sainchomhairleoirí neamhspleácha ar an líne bhuiséid le haghaidh caiteachais roimh fhoirgnimh a fháil, a thógáil agus a fheistiú. Leithdháiltear EUR 0,12 milliún freisin ar oibreacha nuachóirithe fhoirgneamh ECCL i Lucsamburg, a gcuirfidh an Chomhairle ranníocaíochtaí bliantúla ar fáil ina leith, thar thréimhse an Choinbhinsiúin[8] go dtí 2048.

---

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/693 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2025 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scála do mhisin ag oifigigh agus seirbhísigh eile de chuid an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit, IO L, 12.5.2025, lch. 1.

[8] Shínigh an Chomhairle comhaontú maidir le húsáid fhoirgneamh ECCL an 18 Meitheamh 2015 idir Stát Lucsamburg agus an Chomhairle. Tá faisnéis faoi na hoibreacha nuachóirithe ar fhoirgneamh ECCL i Lucsamburg ar fáil in 6108/26.

(b) Costais a bhaineann le foirgnimh (Airteagal 201)

Sa bhuiséad foriomlán do chostais oibriúcháin agus chothabhála na bhfoirgneamh, tá méadú EUR 2,5 milliún (nó 5 %). Eascraíonn sé sin as méadú 12 % ar phraghsanna faoin gcreatchonradh nua maidir le slándáil agus faireachas fhoirgnimh na hArdrúnaíochta. Rialaítear innéacsú na seirbhísí slándála le reachtaíocht na Beilge agus leis an gcomhaontú comhchoiteann saothair.

6. Córais ríomhaireachta, trealamh agus troscán (Caibidil 21)

(a) Córais ríomhaireachta agus teileachumarsáid (Airteagal 210)

Tá méadú 7 % (EUR 3,8 milliún) tagtha ar an mbuiséad don teicneolaíocht faisnéise. Eascraíonn an méadú sin go príomha as leithreasuithe breise is gá chun an Rialachán maidir leis an gCibearshlándáil a chur chun feidhme (EUR 1,5 milliún) agus as na leithreasuithe le haghaidh trealamh closamhairc, atá ag éirí níos digitithe, a aistriú ó Airteagal 212 (EUR 2,2 milliún).

(b) Troscán (Airteagal 211)

Tá an buiséad chun troscán a fháil ar cíos agus a athnuachan fós ar an leibhéal céanna agus a bhí ann in 2026.

(c) Trealamh agus suiteálacha teicniúla (Airteagal 212)

Tá laghdú 64 % (-EUR 2,2 milliún) tagtha ar an mbuiséad chun trealamh teicniúil agus suiteálacha teicniúla a ionadú agus a athnuachan de thoradh an buiséad le haghaidh trealamh closamhairc a aistriú go hAirteagal 210 (féach Roinn II.6(a)).

(d) Iompar (Airteagal 213)

Tá méadú 9 % (EUR 0,19 milliún) tagtha ar an mbuiséad don airteagal seo. Eascraíonn sé sin as líon agus méid na gcruinnithe mullaigh iltaobhacha agus na gcruinnithe ardleibhéil a bhfuiltear ag súil leo.

7. Caiteachas oibriúcháin (Caibidil 22)

(a) Speansais taistil na dtoscaireachtaí (Mír 2200)

Tá an buiséad le haghaidh speansais taistil na dtoscaireachtaí gan athrú i gcomparáid le 2026.

(b) Costais ateangaireachta (Mír 2202)

Tá an buiséad le haghaidh costais ateangaireachta gan athrú i gcomparáid le 2026.

(c) Cruinnithe agus comhdhálacha (Míreanna 2201, 2203, 2204, 2205)

Eascraíonn laghdú beag EUR 0,16 milliún le haghaidh cruinnithe agus comhdhálacha as coigilteas ar chostais lónadóireachta.

(d) Faisnéis (Airteagal 221)

Tagann méadú 4 % (EUR 0,36 milliún) ar an mbuiséad le haghaidh faisnéise agus cumarsáide. Leis na leithreasuithe breise, beifear in ann gníomhaíochtaí for-rochtana a fhorbairt a thuilleadh agus freastal ar an méadú ar chostais na seirbhísí closamhairc.

(e) Speansais ilghnéitheacha (Airteagal 223)

Tháinig méadú 1 % (EUR 0,02 milliún) ar bhuiséad an airteagail seo mar gheall ar fhorálacha do muirir phoist agus bhainc den chuid is mó.

8. Tá faisnéis níos mionsonraithe ar fáil sna hiarscríbhinní:

Iarscríbhinn I: Meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain airgeadais 2027

Iarscríbhinn II: Plean bunaíochta 2027

Iarscríbhinn III: Faoi mar ar athraigh líon na foirne seachtraí agus an caiteachas ar an bhfoireann sin

# Meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas le haghaidh na bliana airgeadais 2027
# Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

| Mír | Tuairisc | Olltoradh 2025 | An buiséad a vótáladh le haghaidh 2026 | Dréachtbhuiséad 2027 | % 2027/2026 |
|---|---|---|---|---|---|
| **TEIDEAL 1 - Daoine atá ag obair leis an Institiúid** | | | | | |
| 1000 | Buntuarastal | 425.594 | 465.000 | 477.000 | 3% |
| 1001 | Teidlíochtaí na foirne a bhaineann leis an bpost arna shealbhú | 86.755 | 103.000 | 105.000 | 2% |
| 1002 | Teidlíochtaí na foirne a bhaineann le cúinsí pearsanta | 12.222 | 16.000 | 16.000 | 0% |
| 1003 | Cumhdach slándála sóisialta | 16.095 | 24.000 | 24.000 | 0% |
| 1004 | Caiteachas eile bainistíochta | 1.645.258 | 1.650.000 | 1.855.000 | 12% |
| 1006 | Teidlíochtaí a bhaineann le dul isteach sa tseirbhís, le haistriú agus leis an tseirbhís a fhágáil | 6.955 | 0 | 0 | |
| 1007 | Coigeartú bliantúil ar an luach saothair | 0 | 0 | 0 | |
| ***100*** | ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile*** | ***2.192.878*** | ***2.258.000*** | ***2.477.000*** | **10%** |
| 1010 | Liúntas sealadach | 262.986 | 267.000 | 190.000 | -29% |
| ***101*** | ***Foirceannadh seirbhíse*** | ***262.986*** | ***267.000*** | ***190.000*** | **-29%** |
| **Iomlán Chaibidil 10 - Comhaltaí den Institiúid** | | **2.455.864** | **2.525.000** | **2.667.000** | **6%** |
| 1100 | Buntuarastail | 319.830.457 | 343.985.187 | 351.872.321 | 2% |
| 1101 | Teidlíochtaí faoi na Rialacháin Foirne a bhaineann leis an bpost arna shealbhú | 1.583.511 | 1.989.000 | 2.024.000 | 2% |
| 1102 | Teidlíochtaí faoi na Rialacháin Foirne a bhaineann le cúinsí pearsanta an bhaill foirne | 80.489.291 | 87.315.000 | 89.009.000 | 2% |
| 1103 | Cumhdach slándála sóisialta | 12.795.545 | 13.875.000 | 14.231.000 | 3% |
| 1104 | Ualuithe tuarastail | 103.020 | 161.000 | 161.000 | 0% |
| 1105 | Ragobair | 646.766 | 1.290.000 | 1.290.000 | 0% |
| 1106 | Teidlíochtaí faoi na Rialacháin Foirne maidir le dul isteach sa tseirbhís, maidir le haistriú agus maidir leis an tseirbhís a fhágáil | 2.655.000 | 2.195.000 | 2.195.000 | 0% |
| 1107 | Coigeartú bliantúil ar an luach saothair | 0 | 7.626.000 | 5.273.000 | -31% |
| ***110*** | ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile*** | ***418.103.590*** | ***458.436.187*** | ***466.055.321*** | **2%** |
| 1110 | Liúntais i gcás scor chun leas na seirbhíse | 1.358.320 | 2.386.000 | 2.304.000 | -3% |
| 1112 | Teidlíochtaí na n-iarArdrúnaithe | 0 | 0 | 0 | |
| ***111*** | ***Foirceannadh seirbhíse*** | ***1.358.320*** | ***2.386.000*** | ***2.304.000*** | **-3%** |
| **Iomlán Chaibidil 11 - Oifigigh agus foireann shealadach** | | **419.461.910** | **460.822.187** | **468.359.321** | **2%** |
| 1200 | Foireann eile | 13.352.729 | 14.022.000 | 14.450.000 | 3% |
| 1201 | Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 1.241.209 | 1.524.000 | 1.793.000 | 18% |
| 1202 | Tréimhsí oiliúna | 899.874 | 999.000 | 1.116.000 | 12% |
| 1203 | Seirbhísí seachtracha | 197.332 | 328.000 | 328.000 | 0% |
| 1204 | Seirbhísí forlíontacha don tseirbhís aistriúcháin | 381.000 | 122.500 | 119.500 | -2% |
| 1207 | Coigeartú bliantúil ar an luach saothair | 0 | 233.000 | 163.000 | -30% |
| ***120*** | ***Foireann eile agus seirbhísí seachtracha*** | ***16.072.144*** | ***17.228.500*** | ***17.969.500*** | **4%** |
| **Iomlán Chaibidil 12 - Foireann eile agus seirbhísí seachtracha** | | **16.072.144** | **17.228.500** | **17.969.500** | **4%** |
| 1300 | Caiteachas ilghnéitheach ar earcaíocht | 111.448 | 163.000 | 163.000 | 0% |
| 1301 | Forbairt ghairmiúil | 2.053.140 | 2.241.000 | 2.273.000 | 1% |
| ***130*** | ***Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne*** | ***2.164.588*** | ***2.404.000*** | ***2.436.000*** | **1%** |
| 1310 | Deontais le haghaidh cúnamh speisialta | 0 | 24.000 | 25.000 | 4% |
| 1311 | Teagmháil shóisialta idir daoine den fhoireann | 179.006 | 162.500 | 164.000 | 1% |
| 1312 | Cabhair fhorlíontach do dhaoine faoi mhíchumas | 360.000 | 361.500 | 360.000 | 0% |
| 1313 | Caiteachas leasa eile | 36.449 | 53.000 | 53.000 | 0% |
| ***131*** | ***Bearta chun cúnamh a thabhairt d'fhoireann na hin*** | ***575.455*** | ***601.000*** | ***602.000*** | **0%** |
| 1320 | Seirbhís leighis | 285.914 | 425.000 | 373.000 | -12% |
| 1322 | Naíolannaí agus saoráidí cúraim leanaí | 3.184.000 | 3.282.000 | 3.333.000 | 2% |
| 1323 | Comhar idirinstitiúideach i réimse an bhainistithe pearsanra | 1.255.376 | 1.460.000 | 1.460.000 | 0% |
| ***132*** | ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine atá ag obair leis an institiúid*** | ***4.725.290*** | ***5.167.000*** | ***5.166.000*** | **0%** |
| 1331 | Speansais mhisin Ardrúnaíocht na Comhairle | 3.220.000 | 2.970.000 | 3.370.000 | 13% |
| 1332 | Speansais taistil na foirne a bhaineann leis an gComhairle Eorpach | 1.950.000 | 1.700.000 | 2.100.000 | 24% |
| ***133*** | ***Misin*** | ***5.170.000*** | ***4.670.000*** | ***5.470.000*** | **17%** |
| ***134*** | ***Táillí scoile do scoileanna Eorpacha de Chineál II*** | ***0*** | ***0*** | ***50.000*** | |
| **Iomlán Chaibidil 13 - Caiteachas eile a bhaineann le daoine atá ag obair leis an institiúid** | | **12.635.332** | **12.842.000** | **13.724.000** | **7%** |
| **IOMLÁN THEIDEAL 1** | | **450.625.251** | **493.417.687** | **502.719.821** | **1,9%** |

## Meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas
## le haghaidh na bliana airgeadais 2027
## Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

| Mír | Tuairisc | Olltoradh 2025 | An buiséad a vótáladh le haghaidh 2026 | Dréachtbhuiséad 2027 | % 2027/2026 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal 2 - Foirgnimh, trealamh agus caiteachas oibríochtúil** | | | | | |
| 2000 | Cíos | 148.456 | 452.000 | 513.000 | 13% |
| 2003 | Obair feistithe agus shuiteála | 9.474.018 | 10.745.000 | 11.230.000 | 5% |
| 2004 | Obair chun áitribh a dhaingniú | 1.692.808 | 1.500.000 | 1.100.000 | -27% |
| 2005 | Caiteachas sula ndéantar foirgnimh a fháil, a thógáil agus a fheistiú | 813.327 | 543.000 | 2.047.000 | 277% |
| ***200*** | ***Foirgnimh*** | ***12.128.609*** | ***13.240.000*** | ***14.890.000*** | **12%** |
| 2010 | Glanadh agus cothabháil | 20.476.758 | 22.413.000 | 22.143.000 | -1% |
| 2011 | Uisce, gás, leictreachas agus téamh | 6.941.242 | 6.931.000 | 6.982.000 | 1% |
| 2012 | Slándáil agus faireachas foirgneamh | 18.475.606 | 19.257.000 | 21.961.000 | 14% |
| 2013 | Árachas | 805.814 | 831.500 | 831.500 | 0% |
| 2014 | Caiteachas eile a bhaineann le foirgnimh | 454.713 | 558.000 | 555.000 | -1% |
| ***201*** | ***Costais a bhaineann le foirgnimh*** | ***47.154.133*** | ***49.990.500*** | ***52.472.500*** | **5%** |
| **Iomlán Chaibidil 20 - Foirgnimh agus costais ghaolmhara** | | **59.282.743** | **63.230.500** | **67.362.500** | **7%** |
| 2100 | Trealamh agus bogearraí a fháil | 17.554.723 | 16.465.500 | 17.550.000 | 7% |
| 2101 | Cúnamh seachtrach chun córais ríomhaireachta a oibriú agus a fhorbairt | 33.055.705 | 30.409.000 | 32.403.000 | 7% |
| 2102 | Trealamh agus bogearraí a sheirbhísiú agus a chothabháil | 6.493.846 | 7.196.500 | 7.752.000 | 8% |
| 2103 | Teileachumarsáid | 1.952.710 | 1.710.000 | 1.870.000 | 9% |
| ***210*** | ***Córais ríomhaireachta agus teileachumarsáid*** | ***59.056.984*** | ***55.781.000*** | **59.575.000** | **7%** |
| ***211*** | ***Troscán*** | ***1.201.842*** | ***1.055.500*** | ***1.055.500*** | **0%** |
| 2120 | Trealamh agus suiteálacha teicniúla a cheannach agus a athsholáthar | 1.726.431 | 2.037.000 | 726.750 | -64% |
| 2121 | Cúnamh seachtrach chun trealamh agus suiteálacha teicniúla a oibriú agus a fhorbairt | 88.000 | 103.000 | 110.000 | 7% |
| 2122 | Trealamh agus suiteálacha teicniúla a fháil ar cíos, a sheirbhísiú, a chothabháil agus a dheisiú | 1.286.158 | 1.336.500 | 406.500 | -70% |
| ***212*** | ***Trealamh agus suiteálacha teicniúla*** | ***3.100.589*** | ***3.476.500*** | ***1.243.250*** | **-64%** |
| ***213*** | ***Iompar*** | ***1.849.990*** | ***2.068.500*** | ***2.260.750*** | **9%** |
| **Iomlán Chaibidil 21 - Córais ríomhaireachta, trealamh agus tros** | | **65.209.405** | **62.381.500** | **64.134.500** | **3%** |
| 2200 | Speansais taistil na dtoscaireachtaí | 15.104.171 | 15.505.000 | 15.505.000 | 0% |
| 2201 | Speansais taistil ilghnéitheacha | 398.063 | 510.000 | 510.000 | 0% |
| 2202 | Costais ateangaireachta | 82.536.829 | 85.060.000 | 85.060.000 | 0% |
| 2203 | Speansais ionadaíochta | 143.219 | 191.000 | 191.000 | 0% |
| 2204 | Caiteachas ilghnéitheach ar chruinnithe | 5.561.622 | 5.662.000 | 5.505.000 | -3% |
| 2205 | Comhdhálacha agus cruinnithe a eagrú | 809.853 | 2.421.000 | 2.416.000 | 0% |
| ***220*** | ***Cruinnithe agus comhdhálacha*** | ***104.553.757*** | ***109.349.000*** | ***109.187.000*** | **0%** |
| 2210 | Caiteachas ar dhoiciméadú agus caiteachas leabharlainne | 2.797.130 | 2.853.000 | 2.853.000 | 0% |
| 2212 | Foilseacháin ghinearálta | 342.986 | 326.000 | 336.000 | 3% |
| 2213 | Faisnéis agus imeachtaí poiblí | 6.855.603 | 6.635.000 | 6.985.000 | 5% |
| ***221*** | ***Faisnéis*** | ***9.995.718*** | ***9.814.000*** | ***10.174.000*** | **4%** |
| 2230 | Soláthairtí oifige | 460.435 | 390.000 | 390.000 | 0% |
| 2231 | Muirir phoist | 55.000 | 45.000 | 50.000 | 11% |
| 2232 | Caiteachas ar staidéir, ar shuirbhéanna agus ar chomhairliúcháin | 0 | 45.000 | 45.000 | 0% |
| 2234 | Aistrithe | 25.200 | 33.000 | 33.000 | 0% |
| 2235 | Muirir airgeadais | 5.000 | 0 | 15.000 | #DIV/0! |
| 2236 | Speansais agus costais dlí, damáistí agus cúiteamh | 556.000 | 556.000 | 556.000 | 0% |
| 2237 | Caiteachas oibríochtúil eile | 239.051 | 317.000 | 317.000 | 0% |
| ***223*** | ***Speansais ilghnéitheacha*** | ***1.340.686*** | ***1.386.000*** | ***1.406.000*** | **1%** |
| **Iomlán Chaibidil 22 - Caiteachas oibriúcháin** | | **115.890.161** | **120.549.000** | **120.767.000** | **0%** |
| **IOMLÁN THEIDEAL 2** | | **240.382.308** | **246.161.000** | **252.264.000** | **2,5%** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **BUISÉAD IOMLÁN** | **691.007.559** | **739.578.687** | **754.983.821** | **2,1%** |

## Plean bunaíochta 2027
## Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

| Catagóir agus grád | Buiséad 2026 Poist bhuana | Buiséad 2026 Poist shealadacha Uachtarán CE | Buiséad 2026 Poist shealadacha Eile | Dréachtbhuiséid 2027 Poist bhuana | Dréachtbhuiséid 2027 Poist shealadacha Uachtarán CE | Dréachtbhuiséid 2027 Poist shealadacha Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gan chatagóir** | **1** | **0** | **0** | **1** | **0** | **0** |
| AD 16 | 8 | 1 | 0 | 8 | 1 | 0 |
| AD 15 | 33 (3) | 1 | 0 | 33 (3) | 1 | 0 |
| AD 14 | 145 (4) | 2 | 1 | 145 (4) | 2 | 1 |
| AD 13 | 140 | 3 | 0 | 140 | 3 | 0 |
| AD 12 | 214 | 7 | 1 | 212 | 7 | 1 |
| AD 11 | 112 | 2 | 0 | 132 | 2 | 0 |
| AD 10 | 202 | 2 | 0 | 211 | 2 | 1 |
| AD 9 | 250 | 0 | 1 | 242 | 0 | 0 |
| AD 8 | 141 | 0 | 0 | 132 | 0 | 1 |
| AD 7 | 134 | 1 | 2 | 113 | 1 | 1 |
| AD 6 | 67 | 1 | 0 | 83 | 1 | 0 |
| AD 5 | 116 | 0 | 0 | 126 | 0 | 0 |
| **Fo-Iomlán AD** | **1562** | **20** | **5** | **1577** | **20** | **5** |
| AST 11 | 42 | 0 | 0 | 47 | 0 | 0 |
| AST 10 | 49 | 0 | 0 | 41 | 0 | 0 |
| AST 9 | 191 | 7 | 0 | 186 | 7 | 0 |
| AST 8 | 88 | 2 | 0 | 110 | 2 | 0 |
| AST 7 | 164 | 0 | 0 | 177 | 0 | 0 |
| AST 6 | 226 | 0 | 0 | 212 | 0 | 0 |
| AST 5 | 235 | 1 | 0 | 208 | 1 | 0 |
| AST 4 | 150 | 0 | 0 | 127 | 0 | 0 |
| AST 3 | 46 | 2 | 0 | 59 | 2 | 1 |
| AST 2 | 10 | 1 | 0 | 23 | 1 | 0 |
| AST 1 | 8 | 0 | 0 | 8 | 0 | 0 |
| **Fo-Iomlán AST** | **1209** | **13** | **0** | **1198** | **13** | **1** |
| SC 6 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 |
| SC 5 | 1 | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 |
| SC4 | 9 | 0 | 0 | 16 | 0 | 0 |
| SC 3 | 36 | 0 | 0 | 44 | 0 | 0 |
| SC 2 | 97 | 0 | 0 | 104 | 0 | 0 |
| SC 1 | 77 | 0 | 0 | 49 | 0 | 0 |
| **Fo-Iomlán SC** | **220** | **0** | **0** | **220** | **0** | **0** |
| **Iomlán** | **2992** | **33** | **5** | **2996** | **33** | **6** |
| **Méid Foriomlán** | **3030** | | | **3035** | | |

(1) Lena n-áirítear 4 ghníomhaire ar ghrád AD16 *ad personam* .
(2) Lena n-áirítear 7 ngníomhaire ar ghrád AD15 *ad personam* .
(3) Lena n-áirítear 4 ghníomhaire ar ghrád AD16 *ad personam* .
(4) Lena n-áirítear 7 ngníomhaire ar ghrád AD15 *ad personam* .

**Faoi mar ar athraigh líon na foirne seachtraí agus an caiteachas ar an bhfoireann sin**

| *An Chomhairle* | *An buiséad a vótáladh le haghaidh 2026* | | *Ráiteas ar mheastacháin le haghaidh 2027* | |
|---|---|---|---|---|
| **Cineál foirne** | **Leithreasaí (EUR)** | **Líon measta na FTE (*) ar bhonn na leithreasaí údaraithe** | **Leithreasaí (EUR)** | **Líon measta na FTE (*) ar bhonn na leithreasaí a iarradh** |
| Gníomhairí Conarthacha | 13.851.000 | 232 | 14.279.000 | 232 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 1.524.000 | 22 | 1.793.000 | 26 |
| Gníomhairí Áitiúla | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Baill foirne gníomhaireachta | 244.000 | 3 | 244.000 | 3 |
| Cúntóirí parlaiminteacha | N/B | N/B | N/B | N/B |
| Iomlán | 15.619.000 | 257 | 16.316.000 | 261 |

* Aonaid coibhéise lánaimseartha